



TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P8_TA(2018)0507

Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin (rún)

Rún neamhrechtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Nollaig 2018 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle, thar ceann an Aontais Eorpaigh, maidir leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeapáin, den pháirt eile, a thabhairt i gerích (08462/2018 – C8-0417/2018 – 2018/0122M(NLE))

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (08462/2018),
- ag féachaint don Dréachtchomhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt amháin, agus an tSeapáin, den pháirt eile¹ (08463/2018),
- ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 37 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus le hAirteagal 212(1), Airteagal 218(6) an dara fómhír, pointe (a), agus le hAirteagal 218(8) an dara fómhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C8-0417/2018),
- ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí (SPA) idir AE agus an tSeapáin a síníodh i dTóiceo an 17 Iúil 2018,
- ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (EPA) idir AE agus an tSeapáin a síníodh i dTóiceo an 17 Iúil 2018,
- ag féachaint don 25ú cruinniú mullaigh déthaobhach a reáchtáladh i dTóiceo an 17 Iúil 2018 agus dá ráiteas comhpháirteach,
- ag féachaint don chéad chruinniú mullaigh déthaobhach a reáchtáladh sa Háig in 1991 agus do ghlacadh ráiteas comhpháirteach maidir le caidreamh AE-na Seapáine,
- ag féachaint don 20ú Cruinniú Mullaigh idir AE agus an tSeapáin, a reáchtáladh in 2010,

¹ IO L 216, 24.8.2018, lch. 1.

- ag féachaint don teachtaireacht chomhpháirteach an 19 Meán Fómhair 2018 ó Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála (Leas-Uachtarán/Ardionadaí) chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta maidir leis ‘An Eoraip agus an Áise a nascadh le chéile – Clocha coirnéil ionsar straitéis de chuid an Aontais Eorpaigh’,
 - ag féachaint don Straitéis Dhomhanda maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh arna fhoilsiú ag an Leas-Uachtarán/Ardionadaí i mí Mheitheamh 2016,
 - ag féachaint do na Treoirínte maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála an Aontais Eorpaigh san Áise Thiar arna fhorghas ag an gComhairle an 15 Meitheamh 2012,
 - ag féachaint don chomhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus an tSeapáin maidir le comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht arna shíniú in 2009¹,
 - ag féachaint do Plean Gníomhaíochta AE-na Seapáine ó 2001,
 - ag féachaint don chuairt a thug toscaireacht *ad hoc* ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha ar Thóiceo, an tSeapáin agus an Chóiré Theas an 3-6 Aibreán 2018,
 - ag féachaint don 38ú Cruinniú Idirpharlaiminteach AE-na Seapáine, a reáchtáladh i dTóiceo an 9-10 Bealtaine 2018,
 - ag féachaint don chuairt a thug toscaireacht *ad hoc* ón bhFochoiste um Shlándáil agus um Chosaint ar Thóiceo an 22-25 Bealtaine 2017,
 - ag féachaint dá rún an 17 Aibreán 2014 ina raibh a moltaí chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an Seirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí maidir le caibidlíocht Chomhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí AE- na Seapáine²,
 - ag féachaint dá rún reachtach an 12 Nollaig 2018 ar an dréachtchinneadh³,
 - ag féachaint do Riail 99(2) dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha(A8-0385/2018),
- A. de bhrí go bhfuil AE agus an tSeapáin ina gcomhpháirtithe straitéiseacha ón mbliain 2003 agus go leanann siad de bheith ag comhoibriú go dlúth lena chéile i go leor fóram iltaobhach;
- B. de bhrí go gcomhroinntear idir AE agus an tSeapáin, agus iad ina gcomhpháirtithe den mheon céanna, freagracht speisialta chun síocháin, cobhsaíocht, iltaobhachas, urraim do chearta an duine agus rathúnas a chothú agus ord riailbhunaithe a chosaint i ndomhan mearathraitheach;

¹ IO L 90, 6.4.2011, lch. 2.

² IO C 443, 22.12.2017, lch. 49.

³ Téacsanna a glacadh, P8_TA(2018)0506.

- C. de bhrí go gcumhdófar faoi SPA/FTA AE-na Seapáine thart ar thrian de tháirgeadh eacnamaíoch domhanda;
- D. de bhrí gur sheol rialtas na Seapáine athchóirithe póilíní slándála lena n-áirítear ann, cumas cosanta a neartú, comhghuaillíocht a athdhearadh leis na Stáit Aontaithe agus dul i gcomhar le daonlathais eile sa réigiún agus níos faide i gcéin;
- E. de bhrí gur méadaíodh ranníocaíocht na Seapáine le slándáil agus cobhsaíocht idirnáisiúnta; de bhrí go dtagraítear i Stráitéis na Slándála Náisiúnta, 2013 ón tSeapáin don bheartas ‘Rannchuidiú réamhghníomhach leis an Síocháin’ atá bunaithe ar phrionsabal an chomhair idirnáisiúnta;
- F. de bhrí go bhfuil an tSeapáin ina comhpháirtí ECAT is seanbhunaithe agus a shínigh comhaontuithe comhair maidir le faisnéis rúnaicmithe, cibearshlándáil, frithphíoraídeacht, fóirithint anachaine agus cabhair dhaonnúil;
- G. de bhrí gur bhain an tSeapáin clú idirnáisiúnta amach le fiche agus tríocha bliain anuas dá beartas srianta míleata, nár chuir bac ar bith ar a hardú chun a bheith mar cheann de na príomhghníomhaithe eacnamaíocha agus polaitiúla ar domhan;
- H. de bhrí go raibh an tSeapáin i gceannas ar na hiarrachtaí chun Comhpháirtíocht an Aigéin Chiúin agus na hÁise a athbhreithniú i ndiaidh do na Stáit Aontaithe tarraingt siar, agus gur dhaingnigh sí an comhaontú athbhreithnithe, an Comhaontú Cuimsitheach agus Forásach do Chomhpháirtíocht an Aigéin Chiúin agus na hÁise (CPTPP nó TPP-11), i mí Iúil 2018; de bhrí go bhfuil spéis léirithe ag an Seapáin sa Chomhpháirtíocht Chuimsitheach Eacnamaíoch Réigiúnach, a bhfuil an tSín ann freisin;
- I. de bhrí go bhfuil an tSeapáin ina ball gníomhach de Bhanc Forbartha na hÁise (ADB), Banc Forbartha na hAfraice (AFDB), an Banc Forbartha Idir-Mheiriceánach (IADB), an Coimisiún Eacnamaíochta agus Sóisialta don Aigéan Ciúin agus don Áise (UNESCAP) agus gníomhaíochta speisialaithe eile de chuid NA, mar aon le Cruinniú na hÁise-na hEorpa (ASEM) agus Idirphlé maidir le Comhar san Áise (ACD); de bhrí go bhfuil an tSeapáin ina ball den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (WTO), an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD), an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (EBRD), an Banc Idirnáisiúnta Athfhoirgníochta agus Forbartha (IBRD), an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF), an Grúpa Seacht (G7) agus Grúpa an Fhichead (G20);
- J. de bhrí gur fhorbairt rialtas na Seapáine Cairt nua maidir le Comhar um Fhorbairt i mí Feabhra 2015;

Comhaontú agus caidreamh AE-na Seapáine

1. Ag cur in iúl gur díol sásaimh di conclúid an dréachtchomhaontaithe Comhpháirtíochta Straitéisí (SPA), lena bhforáiltear creat atá ceangailteach ó thaobh an dlí de, lena neartaítear caidreamh déthaobhach AE-na Seapáine agus lena méadaítear comhar i níos mó ná 40 réimse amhail saincheisteanna faoi bheartas eachtrach agus slándála lena n-áirítear cur chun cinn na síochána agus na cobhsaíochta, oibríochtaí fóirithinte éigeandála, forbairt dhomhanda agus cúnamh daonnúil, cúrsaí eacnamaíocha, taighde, nuálaíocht, oideachas, sábháilteacht bia, beartas talmhaíochta, beartas TFC, teicneolaíocht spáis, cultúr agus spórt, mar aon le dúshlán dhomhanda a bhfuil

comhordú domhanda de dhíth ina leith, amhail an t-athrú aeráide, imirce, cibearbhagairtí, sláinte phoiblí, coireacht trasteorann, bainistíocht géarchéime agus anachaine agus an comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta;

2. Ag cur i bhfáth na naisc idir an Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí (SPA) agus an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (EPA), arb ionann é agus an comhaontú déthaobhach saorthrádála is mó ar domhan; ag meas go bhfuil conclúid an dá chomhaontú mar nuashonrú sa chomhpháirtíocht a bhfuil sé mar chuspóir léi tairbhí nithiúla a chur ar fáil do dhaoine AE agus na Seapáine, agus ag tacú le tuilleadh comhair sna fóraim iltaobhach; ag cur fáilte roimh an gcomhurraim agus muinín a neartaíodh le linn an phróisis caibidlíochta;
3. Ag cur in iúl gur díol sásaimh di an tagairt in Airteagal 1(3) den Chomhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí (SPA) do ghné pholaitiúil arb é is aidhm dó an chomhpháirtíocht a neartú trí idirphlé agus comhar i réimsí na saincheisteanna polaitiúla, na mbeartas eachtrach agus slándála agus comhair earnála eile; ag moladh, sa nasc sin, go leanann an Diat agus Parlaimint na hEorpa de bheith ag forbairt maoirseachta parlaimintí agus idirphlé pharlaimintigh chun a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm an comhar a aontaíodh go conarthach; á iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa maoirseacht a dhéanamh ar chruinnithe Coiste Comhphárteach agus ar dhoiciméadacht na gcruinnithe. ag áitiú tuilleadh rannpháirtíochta agus cur chun cinn úinéireachta ag an tsochaí shibhialta i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Straitéisí (SPA); ag cur in iúl arís a cinnteacht gur cheart don fhoirm nithiúil de chomhar ginearálta agus earnála a bheith, i bprionsabal, bunaithe ar chuspóirí agus spriocanna inbhuanaithe atá le cur chun feidhme faoi 2030, arna nglacadh go comhphárteach ag na Náisiúin Aontaithe agus arna dtacú ag na páirtithe conarthacha;
4. Ag cur i dtreis an gá atá le comhoibriú ar leibhéal iltaobhach chun go gcuirfear chun cinn aontachas leis an gConradh Trádála Arm agus cur chun feidhme an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm, lena ndéantar leathadh arm ollscriosta a chosc, dul i ngleic le sceimhlitheoireacht agus comhrac i gcoinne saoirse ó phionós i gcás na gcoireachtaí is tromchúisí i gcoinne an dlí idirnáisiúnta agus sáruithe chearta an duine;
5. Ag meabhrú go bhfuil cur chuige cuimsitheach agus comhtháiteach slándála, cultúrtha, eacnamaíoch, taidhleoireachta de dhíth sa domhan i mbéal forbartha, áit ina mbíonn slándáil agus forbairt i gcomhthráth lena chéile, ar fíis é atá ag AE agus an tSeapáin araon;

Ceartha an Duine agus saoirsí bunúsacha

6. Ag athdhearbhú an tiomantais chomhroinnte urraim a thabhairt do chearta an duine, daonlathas, saoirsí bunúsacha, dea-rialachas agus an smacht reachta, agus luachanna comhchoiteanna a dhearbhaítear i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, agus ag obair le chéile chun na luachanna sin a chur chun cinn ar bhonn domhanda agus a chosaint;
7. Ag tabhairt dá haire nár aontaigh an tSeapáin dhá chroíchoinbhinsiún de chuid EIS (maidir le hidirdhealú agus le díothú saothair éigeantaigh) agus ag cur fáilte roimh chinneadh na Seapáine coiste idir-aireachta a bhunú chun déileáil le cur chun feidhme na ngealltanas maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (EPA), lena n-áirítear daingniú na gcroíchoinbhinsiún

den sórt sin;

8. Ag cur i dtreis an gá atá le tuilleadh comhair maidir le cearta na mban chun a áirithiú gurb é baint amach comhionannas inscne ceann de phríomhchuspóirí na comhpháirtíochta; ag moladh do Dhiat na Seapáine tuilleadh oibre a dhéanamh ar reachtaíocht chun aghaidh a thabhairt ar idirdhealú bunaithe ar threoshuíomh gnéasach nó ar fhéiniúlacht inscne;
9. Ag cáineadh go géar go bhfuil pionós an bháis dleathach go fóill sa tSeapáin, agus go gcuirtear príosúnaigh chun báis gan rabhadh a thabhairt dóibh roimh ré; á chur i dtreis go láidir go ndearna Coiste na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Chéasta cáineadh uirthi mar gheall ar an mbrú síceolaíoch a chuireann an cleachtas sin ar na príosúnaigh agus ar a dteaghlaigh; Ag tacú le hiarrachtaí na Náisiún Aontaithe maidir le céimniú amach phionós an bháis; á iarraidh ar AE dul i mbun caibidlíochta le Rialtas na Seapáine maidir le *moratorium* ar phionós an bháis d'fhonn é a dhíothú ar deireadh thiar;

Caidreamh réigiúnach agus idirnáisiúnta

10. Ag meabhrú gur aithníodh i Straitéis Dhomhanda AE 2016 nasc díreach idir rathúnas na hEorpa agus slándáil na hÁise agus éilíodh inti go ndéanfadh AE rannchuidithe níos praiticiúla agus go gcomhoibredh sí le comhpháirtithe amhail an tSeapáin chun síocháin a chur chun cinn ar leithinis na Cóiré agus an réiteach síochánta thar a bheith tábhachtach ar dhíospóidí muirí agus críocha i Mara na Síne Thoir agus na Síne Theas a chur chun sinn, ar bhonn an dlí agus choinbhinsiúin idirnáisiúnta; ag cur i bhfios an tábhacht atá le hardú muiníne agus taidhleoireacht choisctheach; ag cur i dtreis nach mór saoirse na loingseoireacht idirnáisiúnta a urramú; ag cur in iúl gur díol sásaimh di an cruinniú le Príomhaire Abe agus Uachtarán Xi i mBéising an 26 Deireadh Fómhair 2018 agus an gealltanais a fógraíodh chun caibidil nua a oscailt sa chaidreamh, mar chéim i dtreo ceangail déthaobhacha a fheabhsú agus teannais réigiúnacha a laghdú;
11. Ag aithint go mbíonn tionchar na Síne agus na Rúise i réigiún na hÁise agus an Aigéin Chiúin ina dhúshlán mór slándála don tSeapáin, agus do leasanna AE freisin, agus dá bhrí sin cuireann sí fáilte roimh ghealltanais an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Straitéisí (SPA) chun comhar slándála AE-na Seapáine a dhoimhniú mar chosaint ar bhagairtí den sórt sin;
12. Ag cur fáilte roimh bhunú Mhisean na Seapáine chuig ECAT an 1 Iúil 2018;
13. Ag cur in iúl gur díol sásaimh di stráitéis nua AE chun nascacht leis an Áise a fheabhsú trí idirphlé, cobhsaíocht, comhar réigiúnach agus idirnáisiúnta, iompar idir-inoibritheach, gréasáin dhigiteacha agus fuinnimh, agus naisc idir daoine a chur chun cinn; ag cur i bhfios na deiseanna a thagann chun solais mar thoradh ar nascacht, deiseanna maidir le hoideachas, taighde agus malartuithe cultúrtha;
14. Á iarraidh leathnú ar chomhar déthaobhach AE-na Seapáine agus ar chomhar iltaobhach leis an gCóiré Theas, le DPDC, leis na Stáit Aontaithe, agus leis an tSín mar thacaíocht ar iarrachtaí chun síocháin a dhaingniú agus cobhsaíocht a chothabháil sa réigiún, chun go mbeadh cómhhaireachtáil shíochánta ann ar leithinis na Cóiré, agus chun dí-armáil iomlán núicléach do-aisiompaithe agus infhíoraíthe Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC) a bhaint amach; ag cur in iúl an tábhacht atá le tuilleadh comhair agus dea-chaidreamh comharsanúil idir an tSeapáin agus an Chóiré Theas, a d'fhéadfadh cur

le cobhsaíocht réigiúnach agus dul i ngleic le rioscaí slándála amhail DPDC; ag gealladh tacú le brú idirnáisúnta leanúnach a chur ar DPDC chun a áirithiú go ndéanfar bearta nithiúla i dtreo dí-armáil núicléach; ag tacú le comhar idirnáisiúnta faoi conas dul i ngleic le saincheist na saoránach Seapánach atá ar iarraidh agus a bhfuil faitíos ann maidir leo go ndearna réimeas na Cóiré Thuaidh; ag cur i bhfios go láidir go bhfuil cobhsaíocht i dTuaisceart Thoir na hÁise ar aon dul le croíleas na hEorpa;

15. Ag moladh go n-oibreoidh AE agus an tSeapáin le chéile chun acmhainní Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN) a mhéadú i dtaca leis an gclár oibre maidir le comhtháthú agus comhar réigiúnach agus an acmhainn coinbhleachtaí sa réigiún a réiteach go comhpháirteach agus lárnacht reatha ASEAN san ord iltaobhach san Áise Thoir Theas a neartú; ag tacú leis an gcinneadh a glacadh ag an 33ú Fóram ASEAN-na Seapáine i dTóiceo chun an ceangal a neartú tuilleadh agus chun dul i ngleic le saincheisteanna réigiúnacha agus idirnáisúnta maidir le leasanna comhchoiteanna agus chun comhoibriú chun síocháin agus cobhsaíocht a chur chun cinn; ag creidiúint go rannchuidítear go héifeachtach leis an dá chuspóir sin trí chearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint; á iarraidh sineirgí idir stráitéis shaor agus oscailte Ind-Chiúin-Aigéanach de chuid na Seapáine agus tionscnaimh AE, lena n-áirítear an Plean Infheistíochta don Eoraip agus gréasáin bhreisithe thras-Eorpach iompair AE, chun comhar domhanda i nascacht a chur chun cinn;
16. Ag tabhairt dá haire uailmhian na Seapáine a bheith ina ball neamhbhuan de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe don tréimhse 2023-2024, agus ag cur in iúl gur díol sásaimh di a rannchuidiú do na Náisiúin Aontaithe i réimsí amhail dí-armáil agus neamhleathadh arm, síochántacht agus cothú na síochána, agus slándáil;

Comhar earnála

17. Ag cur i bhfáth na deiseanna agus neart a thugann an Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí (SPA) d'fhorbairt caidreamh cultúrtha agus don chomhar i réimse na hóige, an oideachais agus an spóirt; ag tabhairt dá haire na leibhéal ísle atá ann faoi láthair maidir le malartuithe daoine le daoine agus leis na bacainní teanga; ag moladh tuilleadh infheistíochta chun feabhas a chur ar idirghníomhaíocht idir saoránaigh, idirphlé oideachasúil agus chultúrtha, cláir soghluaisteachta acadúla faoi Erasmus+, agus taidhleoireacht phoiblí chun comhthuiscint agus éagsúlacht chultúrtha a chur chun tosaigh;
18. Ag tarraingt aird ar an spreagadh a thugann an Comhaontú Comhpháirtíochta Straitéisí (SPA) chun forbairt a dhéanamh ar an gcomhar earnála maidir le cosaint tomhaltóirí agus malartuithe ar chórais rialála agus mhaoirseachta don earnáil airgeadais;
19. Ag meas, in éineacht le rialtais faighteora, gur chomhpháirtithe nádúrtha iad AE agus an tSeapáin i dtaca le cúnaimh a chomhordú agus comhleanúnachas a áirithiú, agus iad ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain ó thaobh deontóirí de le stair fhada den chúnaimh oifigiúil um fhorbairt a thabhairt do thíortha beagfhorbartha i Oirthear na hÁise agus, le tamall beag anuas, san Afraic, sa Mheánoirthear agus i Meiriceá Laidineach; ag cur i dtreis gurb é príomhchuspóir cabhrach um fhorbairt ná bochtaineacht a laghdú le baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, agus ag súil le comhar frithpháirteach i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach;
20. Ag cur in iúl gur díol sásaimh di gur dhaingnigh an tSeapáin Comhaontú Pháras maidir

leis an Athrú Aeráide in 2016, agus ag áitiú go gcuirfear chun feidhme é go héifeachtach agus an tSeapáin ar thús cadhnaíochta chun an t-athrú aeráide a chomhrac go réamhghníomhach agus ag neartú a cuid iarrachtaí maolaithe ina leith; á iarraidh ar AE agus ar an tSeapáin comhar a threisiú i réimse an fhuinnimh inbhuanaithe e.g. foirmeacha iompair astaíochtaí ísle a fhorbairt; ag cur i bhfios gur eisigh painéal comhairleach maidir leis an athrú aeráide de chuid an Aire Gnóthaí Eachtracha a tuarascáil i mí Feabhra 2018, ina chuir sé i gcoílár straitéis taidhleoireachta fuinnimh na Seapáine an riachtanas maidir le fuinneamh a aistriú i dtreo foinsí in-athnuaite;

21. Ag cur in iúl gur díol sásaimh di go n-áirítear bainistiú inbhuanaithe foraoiseacha sa chomhaontú, agus ag súil le tuilleadh malartú deachleachtas i dtaca le lománaíocht neamhdhleathach, ag cur le taithí rathúil Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le hAllmhairí Adhmaid, d'fhonn díchill chuí éigeantach a thabhairt isteach i reachtaíocht na Seapáine;
22. Ag cur in iúl gurb oth léi iarracht na Seapáine deireadh a chur leis an *moratorium* ar seilg tráchtála míolta móra ag cruinnithe an Coimisiúin Idirnáisiúnta um Sheilg Míolta Móra (IWC) i mí Mheán Fómhair 2018, agus á iarraidh seilg míolta móra chun críocha eolaíoch a chur ar fionraí;
23. Ag cur i dtreis gurb í an tSeapáin an dara margadh is mó ar domhan do chosmaidí; ag meabhrú go bhfuil cosc in AE ar thástáil cosmaidí ar ainmhithe agus ar díol táirgí cosmaideacha allmhairithe a thástáiltear ar ainmhithe; ag moladh do Chomhpháirtithe, sa chomhthéacs sin, faisnéis a mhalartú agus comhoibriú d'fhonn deireadh a chur le tástáil cosmaidí ar ainmhithe sa tSeapáin;
24. Ag cur i dtreis an tábhacht atá le héagsúlacht bhitheolaíoch a chaomhnú, agus ag spreagadh na Seapáine a foirchoimeádas don Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES) a bhaint;
25. Á iarraidh daingniú mear ar pharlaimintí Bhallstáit AE agus cur chun feidhme cuimsitheach an chomhaontaithe shealadaigh sna hearnálacha uile;

o

o o

26. Á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, chuig an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus chuig Rialtas agus Diat Náisiúnta na Seapáine.